
# Comhoibriú an Phobail





1. Bhí mo mhamaí ag siúl lena cara lá amháin sa bhaile mór. Bhí cuma uafásach ar an bhaile, agus bhí bruscar le feiceáil gach áit. Bhí sé déistineach go raibh **a leithéid de dhrochbhail** ar an cheantar. Shocraigh siad ar chuidiú.

2. Bhí cruinniú ag **comhairle an phobail** i halla an bhaile. Dúradh ag an chruinniú go raibh **glantachán** le déanamh chun saol sóisialta an bhaile **a fheabhsú**. **D'aontaigh** gach duine go raibh sé tábhachtach aire a thabhairt dár dtimpeallacht.




3. Thosaigh muid ag glanadh agus ag bailiú bruscair an bhaile.Chuir muid boscaí bruscair ar an phríomhshráid. Rinne gach duine **tréaniarracht** an áit a ghlanadh suas. Mar a deir an seanfhocail **"Ní neart go cur le chéile!"**

4. Chuir siad ranganna ceoil ar siúl do na seanóirí. Bhain siad an-sult as. Bhí na gardaí ag caint faoi conas slándáil sa bhaile a fheabhsú. Ghlac cuid mhór daoine páirt sna himeahtaí agus **b'fhiú go mór** an iarracht.







5. Cuireadh ranganna cócaireachta, ríomhaireachta agus **garraíodóireachta** ar siúl sa cheantar. Chuaigh a lán daoine go dtí na ranganna. Bhain muintir an bhaile **idir taitneamh agus tairbhe** as na himeachtaí uilig.

6. Bhí áthas an domhain orainn nuair a fuair muid an chéad áit **i gcomórtas na mbailte beaga** – Fuair muid seic dhá mhíle **go leith** euró. Bhí sé speisialta gur tháinig an pobal le chéile chun an ceantar a fheabhsú.